# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2414 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le ceanglais, tástáil agus marcáil scagairí cáithníní le haghaidh feistí cosanta riospráide, le ceanglais ghinearálta maidir le héadaí cosanta, le ceanglais maidir le cosantóirí súl do scuais agus cosantóirí súl do liathróid raicéid agus scuais 57 agus le ceanglais agus modhanna tástála maidir le coisbheart a thugann cosaint i gcoinne rioscaí i dteilgcheártaí agus le linn táthaithe agus próisis ghaolmhara**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le litir M/031 dar teideal "Sainordú caighdeánaithe do CEN/Cenelec maidir le caighdeáin i ndáil le trealamh cosanta pearsanta", rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt agus a tharraingt suas chun tacú le Treoir 89/686/CEE ón gComhairle ([3]).

(3) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú, dhréachtaigh CEN roinnt caighdeán nua agus rinne sé athbhreithniú ar roinnt caighdeán comhchuibhithe a bhí ann cheana.

(4) An 19 Samhain 2020, chuaigh iarraidh M/031 um chaighdeánú in éag agus cuireadh iarraidh nua um chaighdeánú ina hionad faoi mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 ón gCoimisiún ([4]).

(5) Ós faoi scáth Rialachán (AE) 2016/425 feasta atá na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is infheidhme maidir le trealamh cosanta pearsanta, buncheanglais a leagtar síos le Treoir 89/686/CEE, dréachtchaighdeáin chomhchuibhithe a forbraíodh faoi iarraidh M/031 um chaighdeánú, cumhdaítear iad faoin iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin fós, na caighdeáin sin a rinne CEN agus Cenelec a fhorbairt agus a fhoilsiú le linn na hidirthréimhse idir iarraidh M/031 um chaighdeánú agus an iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, is féidir glacadh leis go heisceachtúil nach bhfuil tagairt shainráite iontu don iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).

([3]) Treoir 89/686/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta (IO L 399, 30.12.1989, lch. 18).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 ón gCoimisiún an 19.11.2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, ionas go dtacófaí le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(6) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú agus ar bhonn na hiarrata um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN ISO 18527-2:2021 maidir le ceanglais i ndáil le cosantóirí súl do scuais agus cosantóirí súl do liathróid raicéid agus scuais 57, EN ISO 20349-1:2017/A1:2020 lena leasaítear EN ISO 20349-1:2017 maidir le ceanglais agus modhanna tástála maidir le coisbheart a thugann cosaint i gcoinne rioscaí i dteilgcheártaí agus EN ISO 20349-2:2017/A1:2020 lena leasaítear EN ISO 20349-2:2017 maidir le ceanglais agus modhanna tástála maidir le coisbheart a thugann cosaint i gcoinne rioscaí le linn táthaithe agus próisis ghaolmhara.

(7) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú agus ar bhonn na hiarrata um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 143:2000, caighdeáin maidir le ceanglais, tástáil agus marcáil scagairí cáithníní le haghaidh feistí cosanta riospráide, a ceartaíodh le EN 143:2000/AC:2005 agus a leasaíodh le EN 143:2000/A1:2006, agus ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 13688:2013, caighdeáin maidir le ceanglais ghinearálta i ndáil le héadaí cosanta, ar foilsíodh na tagairtí dóibh i dteachtaireacht ón gCoimisiún (2018/C 209/03) ([5]). Is é toradh a bhí ar an athbhreithniú sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 143:2021 agus gur leasaíodh caighdeán comhchuibhithe EN ISO 13688:2013 le EN ISO 13688:2013/A1:2021.

(8) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN a dhréachtú agus a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 nó nach gcomhlíonann.

(9) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 143:2021, EN ISO 13688:2013 a leasaíodh le EN ISO 13688:2013/A1:2021, EN ISO 18527-2:2021, EN ISO 20349-1:2017 a leasaíodh le EN ISO 20349-1:2017/A1:2020, agus EN ISO 20349-2:2017 a leasaíodh le EN ISO 20349-2:2017/A1:2020, is caighdeáin iad a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ([6]) ón gCoimisiún, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Rialachán (AE) 2016/425. Chun a áirithiú go liostaítear in aon ghníomh amháin na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe EN 143:2021, EN ISO 13688:2013 agus dá leasú EN ISO 13688:2013/A1:2021, EN ISO 18527-2:2021, EN ISO 20349-1:2017 agus dá leasú EN ISO 20349-1:2017/A1:2020 agus do EN ISO 20349-2:2017 agus dá leasú EN ISO 20349-2:2017/A1:2020, ba cheart iad a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(11) Is gá mar sin na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 143:2000, dá gceartúchán EN 143:2000/AC:2005 agus dá leasú EN 143:2000/A1:2006, agus na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 13688:2013 a tharraingt siar ó shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, tagairtí a tarraingíodh siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is iomchuí mar sin na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 143:2000, dá gceartúchán EN 143:2000/AC:2005 agus dá leasú EN 143:2000/A1:2006 agus na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 13688:2013 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(13) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2002, EN 352-2:2002, EN 352-3:2002, EN 352-4:2001 a leasaíodh le EN 352-4:2001/A1:2005, EN 352-5:2002 a leasaíodh le EN 352-5:2002/A1:2005, EN 352-6:2002, EN 352-7:2002 agus EN 352-8:2008 maidir le cosantóirí éisteachta, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin sin agus cuireadh na tagairtí dóibh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, agus is é an 21 Eanáir 2023 an dáta a sonraíodh mar dháta an tarraingt siar. Leis na leaganacha nua a tháinig in ionad na

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh cosanta pearsanta, agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 209, 15.6.2018, lch. 17).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2020 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 156, 19.5.2020, lch. 13).

gcaighdeán, tugadh isteach ceanglais theicniúla nua maidir leis an maolúchán a ríomh agus le tomhais cloiginn nua, rud a thugann le tuiscint go ndéanfar tuilleadh tástálacha ar chosantóirí éisteachta in éineacht le cosaint cloiginn agus/nó le feistí cosanta aghaidhe i dteaglamaí níos leithne. Dá thoradh sin, tá tuilleadh ama ag teastáil ó mhonaróirí chun an táirgeadh a oiriúnú ionas go gcomhlíonfar na caighdeáin nua. Ina theannta sin, tá comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus saotharlanna tástála ag teastáil chun na modhanna tástála a oiriúnú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcreidiúnú i gcomhréir leis na ceanglais nua. EN 352-1:2002, EN 352-2:2002, EN 352-3:2002, EN 352-4:2001 agus a leasú EN 352-4:2001/A1:2005, EN 352-5:2002 agus a leasú EN 352-5:2002/A1:2005, EN 352-6:2002, EN 352-7:2002 agus EN 352-8:2008, is iomchuí, mar sin, an dáta a tharraingeofar siar na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur siar 18 mí eile. Ní mheastar go mbeidh tionchar dochrach ag an gcur siar sin ar leibhéil sábháilteachta na dtáirgí ábhartha toisc go gcuirfidh na caighdeáin athbhreithnithe feabhas ar shoiléireacht na nósanna imeachta tástála agus ní dhéanfar athruithe móra ar na ceanglais shubstainteacha is infheidhme. Ba cheart iontrálacha eile a chur in ionad na n-iontrálacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2002, EN 352-2:2002, EN 352-3:2002, EN 352-4:2001 agus a leasú EN 352-4:2001/A1:2005, EN 352-5:2002 agus a leasú EN 352-5:2002/A1:2005, EN 352-6:2002, EN 352-7:2002 agus EN 352-8:2008.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a leasú dá réir.

(15) Chun am leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí chun iad féin a ullmhú le haghaidh caighdeáin chomhchuibhithe EN 143:2021 agus EN ISO 13688:2013 a leasaíodh le EN ISO 13688:2013/A1:2021, is gá tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 143:2000 a ceartaíodh le EN 143:2000/AC:2005 agus a leasaíodh le EN 143:2000/A1:2006, agus do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 13688:2013 a chur siar.

(16) Ón dáta *a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,* is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghbhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| "39. | EN 143:2021<br>Feistí cosanta riospráide — scagairí cáithníní — Ceanglais, tástáil, marcáil |
| 40. | EN ISO 13688:2013<br>Éadaí cosanta — Ceanglais ghinearálta (ISO 13688:2013)<br>EN ISO 13688:2013/A1:2021 |
| 41. | EN ISO 18527-2:2021<br>Súilchosaint agus cosaint aghaidhe le haghaidh spóirt — Cuid 2: Ceanglais i ndáil le cosantóirí súl do scuais agus cosantóirí súl do liathróid raicéid agus scuais 57 (ISO 18527-2:2021) |
| 42. | EN ISO 20349-1:2017<br>Trealamh cosanta pearsanta — Coisbheart a thugann cosaint ar rioscaí i dteilgcheártaí agus le linn táthaithe — Cuid 1: Ceanglais agus modhanna tástála chun cosaint a thabhairt ar rioscaí i dteilgcheártaí (ISO 20349-1:2017)<br>EN ISO 20349-1:2017/A1:2020 |
| 43. | EN ISO 20349-2:2017<br>Trealamh cosanta pearsanta — Coisbheart a thugann cosaint ar rioscaí i dteilgcheártaí agus le linn táthaithe — Cuid 2: Ceanglais agus modhanna tástála chun cosaint a thabhairt ar rioscaí le linn táthaithe agus próisis ghaolmhara (ISO 20349-2:2017)<br>EN ISO 20349-2:2017/A1:2020" |

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha Uimh. 22 go dtí 29:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "22. | EN 352-1:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais ghinearálta — Cuid 1: Cosaintí Cluas | 21 Iúil 2024 |
| 23. | EN 352-2:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais ghinearálta — Cuid 2: Plugaí cluaise | 21 Iúil 2024 |
| 24. | EN 352-3:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais ghinearálta — Cuid 3: Cosaintí cluas agus iad ceangailte de chlogad tionsclaíoch sábháilteachta | 21 Iúil 2024 |
| 25. | EN 352-4:2001<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais sábháilteachta agus tástáil — Cuid 4: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime<br>EN 352-4:2001/A1:2005 | 21 Iúil 2024 |
| 26. | EN 352-5:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais sábháilteachta agus tástáil — Cuid 5: Cosaintí cluas um laghdú gníomhach torann<br>EN 352-5:2002/A1:2005 | 21 Iúil 2024 |
| 27. | EN 352-6:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais sábháilteachta agus tástáil —Cuid 6: Cosaintí cluas maille le hionchur fuaime leictreach | 21 Iúil 2024 |
| 28. | EN 352-7:2002<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais sábháilteachta agus tástáil —Cuid 7: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime | 21 Iúil 2024 |
| 29. | EN 352-8:2008<br>Cosaintí éisteachta — Ceanglais sábháilteachta agus tástáil —Cuid 8: Cosaintí cluas ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta | 21 Iúil 2024" |

(2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "30. | EN 143:2000<br>Feistí cosanta riospráide — Scagairí cáithníní — Ceanglais, tástáil, marcáil<br>EN 143:2000/AC:2005<br>EN 143:2000/A1:2006 | an 9 Meitheamh 2024 |
| 31. | EN ISO 13688:2013<br>Éadaí cosanta — Ceanglais ghinearálta (ISO 13688:2013) | an 9 Meitheamh 2024" |